National Haemovigilance Office

# ONH TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2023

LÚNASA 2024
An Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais
Údair: Niall Flavin agus Caroline Casey

National Haemovigilance Office

# Clár na nÁbhar

**Réamhrá** 6
**Páirt a ghlacadh sa Haemafhaireachas** 7
**Teagmhais Dhíobhálacha Thromchúiseacha (TDTanna)** 11
Eile (n=31) 12
Fuilaistrithe Míchuí (n=16) 13
Mainneachtain comhábhar ionradaithe a thabhairt (n=11) 14
Moill ar tháirge a thabhairt (n=10) 15
Mainneachtain an táirge a thabhairt (n=9) 15
Fuilaistriú aonad a bhí lipéadaithe go mícheart (n=7) 15
Comhábhar/táirge mícheart fuilaistrithe (n=4) 16
Grúpa ABO mícheart fuilaistrithe (n=3) 16
Fuilaistriú comhábhar a bhí stóráilte go mícheart (n=2) 17
Fuilaistriú comhábhar a bhí imithe as dáta (n=1) 17
Áit ar tharla an earráid TDT 18
Ról na foirne in TDTanna 19
Earráidí Daonna v Earráidí Córais i dtuairiscí TDT 20
Moltaí 21
**Tuairiscí ar Neasteagmhais** 22
Earráidí Daonna v Earráidí Córais i Neasteagmhais 22
Tosca Daonna i dtuairiscí ar Neasteagmhais 23
Príomh-mholtaí 23
Frithghníomhartha Díobhálacha Tromchúiseacha 24
Frithghníomhartha Fiabhrasacha, Ailléirgeacha agus Fotheannasacha 26
Frithghníomhartha Anaifiolacsais/Hipiríogaireacha 28
Frithghníomhartha Neamh-Haemalaíocha Fiabhrasacha Fuilaistrithe 30
Frithghníomhartha Fuilaistrithe Fotheannasacha 32
Conclúid 33
Deacrachtaí Scamhógacha 33
Ró-ualú Imshruthaithe Bainteach le Fuilaistriú 33
Géarghortú Scamhóige Bainteach le Fuilaistriú 37
Dispnia a Bhaineann le Fuilaistriú 37
Conclúid 37
Frithghníomhartha Haemalaíocha Fuilaistrithe 38

Conclúid 39
Frithghníomhartha Neamhrangaithe Fuilaistriúcháin 39
Conclúid 41
Cineál earráide WBIT a tharla in 2023 41
Cé a bhí bainteach leis an earráid? 42
Cár tharla an earráid? 43
Cineálacha earráide earráid dhaonna v earráid chórais 44
WBITS Céard a tharla? 45
Tosca Daonna a chur leis an earráid 47
Córais Aitheantais Leictreonacha agus teagmhais WBIT 48
Grúpa fola a d'fhéadfaí a fhuilaistriú i dteagmhais WBIT 49
Faisnéis fionnachtana WBIT 49
Teagmhais WBIT in Ospidéil Mháithreachais 50
Conclúid 52
**Tagairtí** **53**
**Aguisín 1** **54**

## Liosta Giorrúchán

| | |
|---|---|
| **EBTS** | Córas Leictreonach Rianaithe Fola |
| **FNHTR** | Frithghníomhartha Fiabhrasacha, Ailléirgeacha agus Fotheannasacha |
| **ÚRTS** | An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte |
| **FSS** | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| **HBB** | Banc Fola Ospidéil |
| **IUT** | Fuilaistriú Ionútaraigh |
| **LIS** | Córais Faisnéise Saotharlainne |
| **MNCMS** | Córas Bainistíochta Cliniciúil Máithreachais agus Nuabheirthe |
| **ONH** | An Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais |
| **PPI** | Aitheantas dearfach othair |
| **TDT** | Teagmhas Díobhálach Tromchúiseach |
| **FDT** | Frithghníomhartha Díobhálacha Tromchúiseacha |
| **TACO** | Ró-ualú Imshruthaithe Bainteach le Fuilaistriú |
| **TAD** | Dispnia Bainteach le Fuilaistriú |
| **TRALI** | Géarghortú Scamhóige Bainteach le Fuilaistriú |
| **WBIT** | Fuil Mhícheart san Fheadán |

# Réamhrá

Tá 25 bliain caite ó bunaíodh an Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (ONH) mar fhreagra ar mholtaí Bhinse Finlay, a rinne imscrúdú ar ionfhabhtú roinnt mhaith othar sna 1970idí agus sna 1980idí le fuil éillithe. I mbliana, d'eisigh an Ríocht Aontaithe an tuarascáil ar an bhFiosrúchán ar Fhuil Ionfhabhtaithe (2024) ina ndearnadh scrúdú ar ionfhabhtuithe othar le fuil éillithe le linn tréimhse chomhchosúil. Is meabhrúchán iad an dá imeacht seo ar an ról ríthábhachtach atá ag haemafhaireachas chun sábháilteacht othar a chinntiú agus na hiarmhairtí tromchúiseacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn nuair nach dtugtar aghaidh iomchuí ar thorthaí díobhálacha agus ar earráidí nós imeachta.

Ó bunaíodh é i 1999, tá ról ríthábhachtach ag córas Haemafhaireachais na hÉireann maidir le treochtaí a bhaineann le teagmhais agus frithghníomhartha díobhálacha a shainaithint, agus moltaí á dtairiscint aige a chuir feabhas ar shábháilteacht othar i bhfuilaistrithe. I measc na bpríomhfheabhsuithe, bhí aitheantas níos fearr a dhéanamh ar othair, laghdú ar neamhréireanna ABO, agus sonraí maidir leis an bhfuil mhícheart san fheadán chun tacú leis an aistriú chuig bailiúchán agus riarachán leictreonach samplaí, agus tuilleadh feabhsúcháin eile nach iad. Mar sin féin, tá gá le hiarrachtaí breise chun dul i ngleic le tosca a mbíonn tionchar acu ar shábháilteacht othar le linn fuilaistrithe.

Is é an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS) an t-údarás inniúil chun reachtaíocht a bhaineann le fuil agus comhábhair fola a chur i bhfeidhm in Éirinn agus oibríonn sé go dlúth le ONH ina leith seo.  Cuireann ONH cabhair ar fáil don ÚRTS trí bhailiúchán, comhthiomsú agus measúnú leanúnach a dhéanamh ar Fhrithghníomhartha Díobhálacha Tromchúiseacha (FDTanna) agus ar Theagmhais Dhíobhálacha Thromchúiseacha (TDTanna), mar a fhoráiltear le hIonstraimí Reachtúla 360 de 2005 agus 547 de 2006 agus i reachtaíocht ghaolmhar an AE. Cuireann ONH tuairiscí FDT agus TDT atá laistigh de raon feidhme na reachtaíochta in iúl don ÚRTS ansin.

Tháinig roinnt athruithe ar rannóg na hOifige Náisiúnta Haemafhaireachais in 2024 chomh maith. Fágaimid slán leis an Ollamh Tor Hervig, iar-stiúrthóir leighis agus eolaíochta Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann (SFAÉ), agus cuirimid fáilte roimh an Dr Andrew Godfrey mar Stiúrthóir Leighis agus Eolaíochta nua SFAÉ. Ina theannta sin, chuireamar fáilte roimh oifigeach haemafhaireachais eile, Niall Flavin. Tá iarrachtaí ar bun faoi láthair chun deireadh a chur leis an athbhreithniú ar an lámhleabhar Haemafhaireachais agus bunachar sonraí nua Haemafhaireachais ar líne a fhorbairt. Ina theannta sin, táimid i mbun modúil ríomhfhoghlama nua a chruthú leis an UK-IBTN, a mbeidh rochtain orthu trí HSeLanD.

Leagfar béim sa tuarascáil seo ar na treochtaí suntasacha maidir le teagmhais agus frithghníomhartha díobhálacha a thug ONH faoi deara in 2023, go háirithe an méadú ar thuairiscí faoin bhFuil Mhícheart san Fheadán (WBIT) a bhaineann le hearráidí a tharla ar bhardaí máithreachais/luí seoil. Chomh maith leis sin, cuirfidh an tuarascáil moltaí ar fáil do bhaill foirne atá bainteach leis an bpróiseas fuilaistrithe agus doiciméadóidh sí treochtaí i dtuairiscí ar Neasteagmhais, TDTanna agus FDTanna.

# Páirt a ghlacadh in Haemafhaireachas

In 2023, fuair ONH 369 tuairisc san iomlán. Ag teacht le blianta roimhe seo, is ionann TDTanna agus FDTanna agus formhór na dtuairiscí a fuarthas, agus 68% de na tuairiscí a fuarthas (féach Tábla 1).
I mbliana, tháinig laghdú ar líon na dtuairiscí Neasteagmhais agus TDT a cuireadh faoi bhráid ONH. Mar sin féin, tháinig méadú ar líon na dtuairiscí WBIT agus FDTanna a tuairiscíodh in 2023.

**Tábla 1: Líon agus rangú na dtuairiscí a fuair ONH idir 2019 agus 2023.**

| Rangú na dTuairiscí | 2019 (n=332) | 2020 (n= 313) | 2021 (n=322) | 2022 (n=372) | 2023 (n=369) |
|---|---|---|---|---|---|
| **TDT** | 100 | 83 | 102 | 133 | 103 |
| **FDT** | 135 | 118 | 133 | 134 | 147 |
| **WBIT** | 54 | 77 | 56 | 57 | 78 |
| **Neasteagmhais** | 43 | 35 | 31 | 48 | 41 |

Tháinig laghdú beag ar fhadhbanna comhábhair le cealla dearga agus pláitíní in 2023 i gcomparáid le 2022. Mar sin féin, tháinig méadú beag ar chainníocht na gcomhábhar a rangaítear mar 'eile' (lena n-áirítear granalaicítí agus crióidheascán) in 2023 (féach Tábla 2).

**Tábla 2. Líon na gcomhábhar arna n-eisiúint ag SFAÉ (2019-2023).**

| Líon na gcomhpháirteanna eisithe (2019-2023)* | | | |
|---|---|---|---|
| **Líon Iomlán na gcomhábhar eisithe** | **Áireamh Fuilcheall Dearg** | **Pláitíní** | **Eile** |
| **2019** | 123,646 | 22,461 | 163 |
| **2020** | 116,591 | 22,120 | 92 |
| **2021** | 122,526 | 23,521 | 108 |
| **2022** | 125,135 | 23,689 | 101 |
| **2023** | 124,848 | 22,665 | 112 |

Léirítear i bhFíor 1 líon na dtuairiscí TDT agus FDT a fuarthas, agus líon na gcomhpháirteanna a eisíodh in aghaidh na bliana ó 2008 go 2023. Mar a luadh, tá laghdú tagtha ar líon na TDTanna a fuarthas in 2023 agus níl na cúiseanna leis sin soiléir.

**Fíor 1: Treochtaí tuairiscithe TDT agus FDT ó 2008 go 2023.**




Léirítear i bhFíor 2 líon na dtuairiscí ar neasteagmhais a fuarthas in 2023 agus líon na gcomhábhar a eisíodh.

**Fíor 2: Treochtaí tuairiscithe Neasteagmhais ó 2014 go 2023.**



Léirítear i bhFíor 3 líon na dtuairiscí WBIT a fuarthas in 2023 agus líon na gcomhábhar a eisíodh. Léiríonn líon na dtuarascálacha WBIT a fuarthas in 2023 i gcomparáid le líon na gcomhábhar a eisíodh méadú ar líon na dteagmhas WBIT a tuairiscíodh do 2023. Tá sé deacair a bheith cinnte ar tháinig méadú ar theagmhais WBIT in 2023 nó ar tháinig feabhas ar thuairisciú WBITanna.

**Fíor 3: Treochtaí tuairiscithe WBIT ó 2019 go 2023.**




Tá 85 foras tuairiscithe liostaithe ar bhunachar sonraí ONH mar fhoras atá in ann fuilaistriú a sholáthar i bPoblacht na hÉireann. Níor chuir 45% de na suíomhanna uile atá liostaithe TDT ná FDT isteach in 2023. Ba ospidéil, ospísí nó clinicí de Chatagóir A ina dtarlaíonn líon íseal fuilaistriúcháin (<1000 aonad) na suíomhanna nár chuir TDT ná FDT isteach in 2023. Ní raibh faisnéis ar fáil maidir le fadhbanna le gach ceann de na suíomhanna seo.

As na tuairiscí TDT agus FDT a fuarthas, tháinig 51% díobh ó Ospidéil a bhí i gcatagóir úsáide fola D (>6000 Aonad). Mar a bhíothas ag súil leis, bhí líon na dtuairiscí ó ospidéil Chatagóir A agus B ní ba lú ná líon na dtuairiscí ó ospidéil chatagóir D. Níor tháinig ach 10% de na tuairiscí TDT agus FDT go léir ó ospidéil a rangaítear mar chatagóir úsáide fola C (3000-6000 aonad).

Cuirtear i láthair i dTábla 3 líon agus catagóir na dtuairiscí TDT agus FDT, lena n-áirítear iad siúd nár cuireadh ar aghaidh (DNP), a fuarthas ó ospidéil in 2023 de réir catagóire úsáide fola.

*Tógtha ó Fhigiúirí ANSARE

**Tábla 3: Líon agus catagóir na dtuairiscí TDT agus FDT a fuair ospidéil arna rangú de réir úsáid fola (2023).**

| Catagóir Úsáide Fola in Ospidéil | Líon Iomlán na dtuairiscí a fuarthas | Iomlán na gcásanna DNP | Iomlán na TDTanna | Iomlán na TDTanna atá intuairiscithe don ÚRTS | Iomlán na FDTanna | Iomlán na FDTanna atá intuairiscithe don ÚRTS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Catagóir A (<1000 aonad) | 32 | 3 | 17 | 5 | 12 | 4 |
| Catagóir B (1000 – 3000 aonad) | 64 | 5 | 27 | 5 | 32 | 12 |
| Catagóir C (3000 – 6000 aonad) | 26 | 1 | 11 | 1 | 14 | 4 |
| Catagóir D (> 6000 aonad) | 128 | 7 | 44 | 15 | 77 | 47 |
| Líon iomlán na dtuairiscí | 250 | 16 | 99 | 26 | 135 | 67 |

# Teagmhais Dhíobhálacha Thromchúiseacha (TDTanna)

In 2023, fuair ONH 103 tuairisc TDT, laghdú ó na 133 tuairisc a fuarthas an bhliain roimhe sin. Glacadh le 102 tuairisc, agus níor cuireadh tuairisc amháin ar aghaidh.

Thug ONH laghdú faoi deara i dtuairiscí faoi earráidí amhail cineálacha 'eile', fuilaistriú comhábhair le cealla dearga neamh-chomhoiriúnach le hantaigin eile mura raibh frithghníomhú i gceist, fuilaistriú grúpa ABO mícheart mura raibh frithghníomhú i gceist agus fuilaistrithe míchuí i gcomparáid leis na figiúirí ó 2022.

Tháinig méadú suntasach ar líon na dtuairiscí a bhain le moill ar tháirge a thabhairt, go sonrach moilleanna ar riarachán Frith-D agus fuilaistriú sampla a bhí lipéadaithe go mícheart i gcomparáid le 2022.

**Fíor 4: Tuairiscí ar Theagmhais Dhíobhálacha Thromchúiseacha arna nglacadh ag ONH in 2023.**



## Eile (n=31)

Tháinig laghdú ar líon na dtuairiscí a rangaítear mar "eile" ó 41 in 2022 go 31 in 2023. As na tuairiscí seo, glacadh le 30 tuairisc, agus cinneadh go raibh 9 gcinn laistigh de raon feidhme reachtaíocht an AE agus tuairiscíodh iad don ÚRTS.

Tharla earráidí ag céimeanna éagsúla den phróiseas fuilaistrithe. Ghlac ONH le 14 thuairisc inar tharla an earráid den chéad uair le linn chéim an riaracháin, 5 thuairisc le linn na próiseála saotharlainne, 5 thuairisc ag céim an iarratais ar oideas, 5 thuairisc le linn samplála, agus 1 thuairisc amháin inar tuairiscíodh céim na hearráide mar "eile".

Bhain éagsúlacht le cineálacha na n-earráidí. Rangaíodh formhór na dtuarascálacha (12) mar earráidí riaracháin, lena n-áirítear leas a bhaint as na tacair tabhartha míchearta (6) agus amanna míchearta fuilaistrithe (6). I measc na n-earráidí eile, bhí 5 earráid iarrata oideas, 5 earráid phróiseála, 5 earráid samplála, agus 3 earráid ilghnéitheacha.

Luadh mainneachtain dhaonna mar an toisc chúiseach i 29 tuairisc agus mainneachtain chórais i 5 thuairisc. Mionsonraítear na hearráidí mainneachtana daonna mar seo a leanas:

- Mainneachtain cloí le beartas agus nós imeachta - 17 dtuairisc.
- Tasc a dhéanamh go mícheart – 10 dtuairisc.
- Eolas – 9 dtuairisc.
- Eile - 5 thuairisc.
- Monatóireacht - 3 thuairisc.
- Mainneachtain ar chumarsáid agus ar chomhordú – 2 thuairisc.
- Fíorúchán – 2 thuairisc.
- Sciorradh - 1 thuairisc.
- Tuisle - 1 thuairisc.
- Bainteach leis an othar – 1 tuairisc.

I measc mainneachtana córais bhí mainneachtana i mbeartais agus i nósanna imeachta (n=2) agus mainneachtana córais a thuairiscítear mar mhainneachtana eile (n=4).

**Cás 1:**

**Fuair othar baineann >80 bliain d'aois 1 aonad de Chomhábhar Cealla Dearga le haghaidh ainéime (Hb 7.6). Fuair an t-eolaí míochaine ar dualgas grúpa agus scáileán. Ní raibh toradh cinntitheach ar fáil maidir le sainaithint antasubstaintí a rinneadh ar 2 phainéal. D'iarr an t-eolaí míochaine sampla breise lena imscrúdú. Iarradh aonad crosmheaitseáilte agus rinneadh crosmheaitseáil sheireolaíoch. Fuarthas amach go raibh an t-aonad comhoiriúnach agus eisíodh agus fuilaistríodh é. Thug eolaí míochaine eile a tháinig isteach in ionad an bhaill foirne ar dualgas faoi deara nach raibh toradh cinntitheach ar an bpainéal antasubstainte agus nár cuireadh as an áireamh go raibh antasubstaint bhunúsach ann sular eisíodh na haonaid chomhoiriúnacha chrosmheaitseála. Cinneadh gur toradh ar earráid dhaonna a bhí sa tuairisc seo, mainneachtain bheartais agus nósanna imeachta a leanúint go sonrach. Bhain gníomh ceartaitheach leis an sampla a sheoladh chuig ionad atreoraithe. Léirigh tuairisc an ionaid atreoraithe go raibh antasubstaint fuar i láthair agus níor braitheadh aon allo-antasubstaint shuntasach. Cuireadh athoiliúint ar an mball foirne a bhí i gceist.**

## Fuilaistrithe Míchuí (n=16)

Is iad fuilaistrithe míchuí an dara tuairisc TDT is coitianta a fhaigheann ONH. Mar sin féin, tháinig laghdú beag ar líon na dtuairiscí seo ó 20 in 2022 go 16 in 2023. As na tuairiscí a fuarthas, glacadh le 15 díobh, agus ní raibh aon cheann díobh intuairiscithe don ÚRTS.

Tharla deich gcinn de na teagmhais a tuairiscíodh ag céim iarratais ar oideas den phróiseas fuilaistrithe, agus tharla cúig cinn ag céimeanna eile.

Ba é an chúis ba mhó le tuairiscí fuilaistrithe míchuí ná cinntí cliniciúla nach raibh ag teacht leis na treoirlínte (7 dtuairisc). Sainaithníodh an earráid mar "Eile" i gceithre thuairisc agus bhí trí cinn bunaithe ar thorthaí Hb míchearta nó neamhláithreach. Bhain cás amháin le doiciméadú nó páipéarachas mícheart.
I measc na foirne a bhí páirteach sna hearráidí seo bhí dochtúirí (15), altraí (3), agus foireann saotharlainne (1). Is minice a tuairiscíodh teagmhais fuilaistrithe míchuí ó bhardaí (7), ó T&É (3), ó bhardaí lae (2), ón Aonad Dianchúraim (1), agus ó áiteanna eile (2), lena n-áirítear an t-aonad cúraim chriticiúil agus an t-aonad don mheasúnú leighis.

**Cás 2:**

**Fuair othar fireann >60 bliain d'aois 1 aonad de Chomhábhar Cealla Dearga le haghaidh ainéime. Bhí Hb an othair 8.7 i ndiaidh fhuilaistriú na chéad chealla dearga. Ní raibh aon siomptóim ná fianaise ar fhuiliú ar an othar. Riaradh an dara haonad ag an bhfoireann altranais mar cheap siad go rachadh an t-aonad amú mura n-úsáidfí é. Bhí eolaí míochaine tar éis teagmháil a dhéanamh leis an mbarda le rá le foireann an bharda go bhféadfaí na haonaid a thabhairt ar ais chuig an ospidéal atreoraithe mura n-úsáidfí iad, ach amháin ag an deireadh seachtaine toisc nach mbeadh aon duine ar fáil. Bhí Hb an othair 10.7 tar éis an dara fuilaistriú. Rinneadh fuilaistriú thar oíche. Cinneadh gur earráid dhaonna ba chúis leis an earráid, mainneachtain ó thaobh comhordaithe agus cumarsáide, agus mainneachtain bheartais agus nós imeachta a leanúint go sonrach. I measc na ngníomhartha ceartaitheacha agus coisctheacha, bhí fuilaistriúcháin aonaid aonair a cuireadh béim orthu ag seisiúin oideachais; cuireadh altraí ar an eolas gur féidir aonaid a thabhairt ar ais chuig an ospidéal as ar tháinig siad. Cuireadh póstaer lannaithe aonaid aonair san áireamh leis na doiciméid fola i limistéir chliniciúla.**

## Mainneachtain comhábhar ionradaithe a thabhairt (n=11)

Fuair ONH 11 thuairisc ar mhainneachtain comhábhar ionradaithe a thabhairt. Glacadh le 10 dtuairisc, agus bhí 2 cheann as na 10 dtuairisc laistigh de raon feidhme reachtaíocht an AE agus tuairiscíodh iad don ÚRTS.

Tharla formhór na n-earráidí seo ag céim iarratais ar oideas den phróiseas (n= 6). Tharla earráidí chomh maith ag céim an chléireachais tosaigh (n=1) agus ag an gcéim samplála (n=2) agus i gcás amháin, tharla an earráid ag céim sa phróiseas fuilaistrithe a aithníodh mar 'eile' (n=1).

Aithníodh earráidí in iarratais ar oideas i gcás 9 dtuairisc. I measc na n-earráidí a aithníodh ag céim iarratais ar oideas, tá mainneachtain iarratais speisialta a oideasú (n=5) agus mainneachtain ceanglais speisialta a iarraidh (n=4). I gcás tuairisc amháin (n=1), aithníodh earráidí próiseála mar an toisc chúiseach. Sa chás seo, níor seiceáladh na taifid stairiúla agus mar sin, níor ordaíodh ná níor oideasaíodh an t-aonad ceart.

Luadh mainneachtain dhaonna mar thoisc chúiseach i 10 dtuairisc. Mionsonraítear na hearráidí mainneachtana daonna mar seo a leanas:

- Mainneachtain cloí le beartas agus nós imeachta - 10 dtuairisc.
- Eolas - 6 thuairisc.
- Mainneachtain ar chumarsáid agus ar chomhordú – 4 thuairisc.

I measc na gcomhaltaí foirne a bhí páirteach sna hearráidí seo, bhí dochtúirí (n= 10), altraí (n=3) agus foireann saotharlainne (n= 1). I measc na suíomhanna inar tharla na teagmhais, bhí bardaí (n=6), Aonad Dianchúraim (n=1), obrádlann (n=2), saotharlann (n=1) agus T&É (n=1).

## Moill ar tháirge a thabhairt (n=10)

Fuair ONH 10 dtuairisc faoi mhoill ar fhuilaistriú (moill ar Frith-D a thabhairt go sonrach). Glacadh leis na tuairiscí go léir agus ní raibh siad laistigh de raon feidhme reachtaíocht an AE gan aon cheanglas tuairisciú a dhéanamh don ÚRTS.

Luaigh na deich dtuairisc mainneachtain dhaonna mar phríomhchúis na n-earráidí. I measc na mainneachtana daonna, bhí mainneachtana i gcomhlíonadh beartais agus nósanna imeachta (n=5), bearnaí eolais (n=2), sciorrthaí (n=2), mainneachtana comhordúcháin agus cumarsáide (n=1), tascanna a dhéanamh go mícheart (n=1) agus earráidí a bhain le hothair (n=3).

Luaigh trí thuarascáil mainneachtain othair faisnéis a thabhairt maidir le fuiliú laistigh den tréimhse chuí. D'fhéadfaí na teagmhais seo a laghdú trína chinntiú go bhfuil an fhaisnéis go léir maidir lena gcúram ag othair.

## Mainneachtain an táirge a thabhairt (n=9)

Fuair ONH naoi dtuairisc faoi mhainneachtain an táirge a thabhairt d'othar. Glacadh leis na tuairiscí go léir agus ní raibh siad laistigh de raon feidhme reachtaíocht an AE gan aon cheanglas tuairisciú a dhéanamh don ÚRTS.

Luaigh an chuid ba mhó de na tuairiscí earráid dhaonna mar phríomhchúis na n-earráidí. Aithníodh earráidí comhordúcháin agus cumarsáide (n=3), bearnaí eolais (n=2), mainneachtain cloí le beartais agus nósanna imeachta (n=4), earráidí fíorúcháin (n=1) agus tascanna a chur i gcrích go mícheart (n=1) sna tuairiscí a fuarthas. In dhá chás, sainaithníodh earráidí córais mar chúis leis an mainneachtain táirgí a thabhairt, earráidí beartais agus nós imeachta go sonrach, agus sainaithníodh earráid chórais i gceann eile.

## Fuilaistriú aonad a bhí lipéadaithe go mícheart (n=7)

Fuair ONH 7 dtuairisc ar fhuilaistriú aonaid a raibh lipéad mícheart orthu. Glacadh leis na tuairiscí go léir agus bhí 6 cinn díobh laistigh de raon feidhme reachtaíocht an AE agus intuairiscithe don ÚRTS mar sin.

Bhain éagsúlacht leis an gcéim sa phróiseas fuilaistrithe inar tharla an earráid ar dtús. Tuairiscíodh gur tharla earráidí ar dtús ag céim an chléireachais tosaigh san ospidéal (n=3); próiseáil saotharlainne sa tsaotharlann fuilaistriúcháin (n=2); próiseáil saotharlainne ag céim ainmnithe mar 'eile' agus tharla earráid amháin ar dtús ag an ionad soláthair.

Tuairiscíodh aitheantóirí míchearta othar i gceithre chás agus taifeadadh sonraí míchearta le linn an riaracháin tosaigh (n=3) agus sonraí míchearta ar an mbanda aitheantais (n=1).

## Comhábhar/táirge mícheart fuilaistrithe (n=4)

Fuair ONH 4 thuairisc faoi chomhábhar/táirge mícheart fuilaistrithe. Bhí dhá cheann de na tuairiscí seo laistigh de raon feidhme reachtaíocht an AE agus intuairiscithe don ÚRTS mar sin.

Tharla na hearráidí ba chúis le fuilaistriú comhábhar/táirgí míchearta ag an gcéim phróiseála sa tsaotharlann (n=2) agus ag céim an iarratais ar oideas (n=2) den phróiseas fuilaistrithe.

I measc na foirne a bhí páirteach sna hearráidí seo, bhí dochtúirí (n=2) agus foireann saotharlainne (n= 2). Tharla na hearráidí a tuairiscíodh i saotharlanna (n=2), i Rannóga Timpistí agus Éigeandála (n=1) agus ar bharda (n=1).

Sainaithníodh mainneachtain dhaonna mar an toisc chúiseach i ngach tuairisc agus sainaithníodh earráidí sonracha amhail bearnaí eolais (n=1), mainneachtain bheartais agus nósanna imeachta a leanúint (n=1) agus tascanna a chur i gcrích go mícheart (n=2).

## Grúpa ABO mícheart fuilaistrithe (n=3)

Fuair ONH 3 thuairisc faoi ghrúpa ABO mícheart fuilaistrithe. Glacadh le gach ceann de na 3 thuairisc, agus bhí dhá thuairisc laistigh de raon feidhme reachtaíocht an AE agus intuairiscithe don ÚRTS mar sin.

Tharla earráidí ag céim na próiseála sa tsaotharlann fuilaistrithe. Bhí foireann na saotharlainne páirteach sna hearráidí go léir.

Sainaithníodh mainneachtain dhaonna i ngach cás agus sainaithníodh eolas (n=1), mainneachtain bheartais agus nósanna imeachta a leanúint (n=1) agus tascanna a chur i gcrích go mícheart (n=2) mar thosca cúiseacha sna tuairiscí a cuireadh isteach.

**Cás 3:**

**Tugadh plasma SD d'othar fireann 30+ bliain d'aois d'fhuiliú le linn obráide. Eisíodh plasma Ghrúpa B don othar gan aon ghrúpa fola roimhe seo ar taifead (scríobhadh an sampla de láimh). Is é beartas an ospidéil maidir le samplaí ná an chéad sampla a lipéadú go leictreonach, nó an dara sampla má tá an chéad sampla scríofa de láimh, chun an grúpa fola a dheimhniú. Seachas sin, ba chóir O RCC O a eisiúint. Rinne an t-eolaí míochaine dearmad ar an mbeartas. Aithníodh an cás mar earráid dhaonna, bearnaí eolais go sonrach, agus mainneachtain bheartais agus nós imeachta a leanúint. Iarradh sampla athuaire a dheimhnigh gurbh é BRhD grúpa fola an othair. Eisíodh tuairisc leasaithe ag rá gur próiseáladh an sampla trí earráid. Pléadh an teagmhas ag cruinniú foirne chun an riail maidir leis an dara sampla a chur i gcuimhne do gach ball foirne. Phléigh an rannóg um Dhearbhú Cailíochta é leis an eolaí míochaine lena mbaineann.**

## Fuilaistriú comhábhar a bhí stóráilte go mícheart (n=2)

Fuair ONH dhá thuairisc in 2023 maidir le fuilaistriú comhábhar a bhí stóráilte go mícheart. Glacadh leis an dá thuairisc, agus bhí tuairisc amháin laistigh de raon feidhme reachtaíocht an AE agus tuairiscíodh don ÚRTS mar sin í.

Tharla ceann de na teagmhais a tuairiscíodh ag céim bailithe an phróisis fuilaistrithe agus tharla an teagmhas eile ag céim sa phróiseas fuilaistriúcháin a sainaithníodh mar 'Eile'. Aithníodh an dá earráid mar earráidí i mbailiú/stóráil nó láimhseáil táirgí, ceann amháin sonraithe mar earráid iompair agus an ceann eile sainaitheanta mar an iomarca ama lasmuigh de stóráil.

Tharla ceann de na teagmhais sa tsaotharlann agus bhí baint ag foireann na saotharlainne leis. Tharla an teagmhas eile ar an mbarda agus bhí altra agus póirtéir páirteach leis. Cuireadh an dá eachtra i leith mainneachtain dhaonna, go háirithe mainneachtain bheartais agus nósanna imeachta a leanúint.

## Fuilaistriú comhábhar a bhí imithe as dáta (n=1)

Fuair ONH tuairisc amháin maidir le fuilaistriú comhábhair a bhí imithe as dáta in 2023, rud nach raibh faoi raon feidhme reachtaíocht an AE agus nach raibh intuairiscithe don ÚRTS mar sin.. Tharla an earráid ag céim bailithe an phróisis fuilaistrithe ar bharda, agus bhí altra páirteach inti.

Sainaithníodh tosca daonna, go háirithe bearnaí eolais agus mainneachtain cloí le beartas agus nós imeachta, mar thosca a chur leis an teagmhas a tharla. Shainaithin an tOifigeach Haemafhaireachais a thuairiscigh an cás seo mainneachtain deartha córais chomh maith.

## Áiteanna ar tharla earráidí TDT.

Tháinig laghdú foriomlán ar líon na dtuairiscí a fuarthas ó gach suíomh seachas an Rannóg T&É, áit ar tháinig méadú beag ar líon na dtuairiscí ó 4 in 2022 go 6 in 2023. Cé gur tháinig méadú ar líon na dtuairiscí WBIT ó bhardaí máithreachais agus luí seoil, níor tuairiscíodh aon TDTanna maidir le teagmhais a tharla sna suíomhanna seo in 2023. Is iad bardaí an phríomhfhoinse tuairiscí TDT i gcónaí, agus saotharlanna ina ndiaidh sin.

**Fíor 5: An áit ar tharla an chéad earráid sna tuairiscí a fuair ONH in 2023.**



## Ról na foirne in TDTanna

Is iad altraí, foireann saotharlainne agus dochtúirí an fhoireann is dóichí a bheith páirteach in TDT. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach raibh fleibeatóimithe páirteach in aon teagmhas TDT a tuairiscíodh do ONH in 2023.

Cé gur tháinig laghdú foriomlán ar líon na dtuairiscí TDT a fuarthas in 2023, bhí líon na dteagmhas inar tuairiscíodh rannpháirtíocht dochtúra mar an gcéanna le 2023 (n=37). Tháinig laghdú ar líon na dtuairiscí a fuarthas a bhain le haltraí agus le foireann saotharlainne ó 2022.

**Fíor 6: Foireann a bhí páirteach sa chéad earráid i dtuairiscí TDT a seoladh chuig ONH in 2023.**



## Earráidí Daonna v Earráidí Córais i dtuairiscí TDT

Is í mainneachtain cloí le beartas agus nós imeachta an earráid dhaonna is coitianta a shainaithnítear i dtuarascálacha TDT a chuirtear faoi bhráid ONH, mar a léirítear i dTábla 4. Faoi láthair ní thugann ONH cuntas ar na cúiseanna nár éirigh le baill foirne cloí le beartais agus nósanna imeachta bunaithe. Tugann anailís cháilíochtúil ar thuairiscí thar na blianta le fios go gcuireann timpeallachtaí oibre gnóthacha, athruithe agus saincheisteanna acmhainní le mainneachtain baill foirne beartais agus nósanna imeachta a leanúint.

Is minic a shainaithnítear bearnaí eolais in go leor tuarascálacha mar ghnéithe a chuir leis an teagmhas a tharla. Ba chóir oiliúint a chur ar an bhfoireann atá bainteach leis an bpróiseas fuilaistrithe, lena n-áirítear oiliúint athnuachana rialta agus ba chóir measúnú inniúlachta a dhéanamh orthu sula gceadaítear dóibh aon tasc a dhéanamh sa phróiseas fuilaistrithe.

Is suimiúil gur thug ONH faoi deara laghdú ar líon na n-earráidí comhordúcháin agus cumarsáide a tuairiscíodh in 2023. D'fhéadfadh sé seo a thabhairt le fios go ndearnadh feabhsuithe leathana ar an gcóras ó thaobh comhordaithe agus cumarsáide de.

**Tábla 4: Cineálacha earráide daonna arna sainaithint ag Oifigigh Haemafhaireachais mar rud a chuir leis an teagmhas a tharla i dtuairiscí TDT, in 2023.**

| Cineálacha Earráidí Daonna | Líon na dtuarascálacha (n=87) 2019 | Líon na dtuarascálacha (n=67) 2020 | Líon na dtuarascálacha (n=90) 2021 | Líon na dtuarascálacha (n=107) 2022 | Líon na dtuarascálacha (n=79) 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| Mainneachtain cloí le beartais agus nósanna imeachta | 60 | 33 | 48 | 64 | 47 |
| Eolas | 19 | 19 | 24 | 30 | 27 |
| Comhordú agus Cumarsáid | 14 | 14 | 13 | 17 | 4 |
| Tasc a dhéanamh go mícheart | 18 | 12 | 13 | 22 | 16 |
| Eile | 7 | 9 | 9 | 13 | 10 |
| Fíorúchán | 25 | 7 | 3 | 4 | 6 |
| Sciorradh | 9 | 3 | 5 | 1 | 1 |
| Monatóireacht | 4 | 1 | 1 | 3 | 3 |
| Bainteach le hOthair | 2 | 1 | 1 | 2 | 1 |
| Tuisle | | | | | 1 |

## Moltaí

Ba ionann earráidí oidis agus 19% de na teagmhais dhíobhálacha thromchúiseacha uile a tuairiscíodh in 2023. Ba iad cinntí cliniciúla nach raibh i gcomhréir leis na treoirlínte reatha an chúis ba choitianta le hearráidí oidis. Ní mór don fhoireann atá ag oideasú comhábhar fola oiliúint agus inniúlachtaí cuí a bheith acu agus ní mór dóibh cloí leis na treoirlínte reatha maidir le fuilaistriú. Ní mór taifid stairiúla a sheiceáil lena chinntiú go gcomhlíontar riachtanais speisialta an othair.

Ba cheart cloí le beartas aonaid aonair do gach othar cobhsaí a bhfuil gnáth-thoirt fola ina gcorp acu agus nach bhfuil aon fhianaise ann ar fhuiliú suntasach ó thaobh an chlinic de. Is é neamhchomhlíonadh an bheartais maidir le fuilaistriú aonaid aonair an earráid oideas is coitianta a shainaithnítear i dtuarascálacha a tuairiscíodh do ONH. Laghdaíonn beartas aonaid fuilaistrithe nochtadh an othair do tháirgí fola, rud a laghdaíonn an riosca TACO agus rioscaí eile a bhaineann le fuilaistriú amhail ionfhabhtuithe a tharchuirtear trí fhuilaistriú. Laghdaíonn an beartas aonaid aonair úsáid fola agus brú ar sholáthar fola chomh maith.

Is féidir moilleanna ar riar Frith-D a sheachaint trína chinntiú go bhfuil an fhoireann go léir ar an eolas faoi threoirlínte maidir le Frith-D a riar. Mar thoradh ar chinntí cliniciúla míchearta, fágadh Frith-D ar lár agus ba iad na hearráidí íograithe toirchis ba mhó a bhí bainteach leo. Bhain roinnt moilleanna ar an riaradh le máithreacha D-dhiúltacha nár fhreastail ar choinní. Ba chóir faisnéis shoiléir a chur ar fáil do mháithreacha D-dhiúltacha maidir leis na rioscaí a bhaineann le bheith D-dhiúltach agus na rioscaí a bhaineann le coinní a chailliúint.

## Tuairiscí ar Neasteagmhais

In 2023, fuair ONH 41 tuairisc ar neasteagmhais ó 15 shuíomh éagsúla, agus glacadh le 32 tuairisc. Diúltaíodh naoi dtuairisc: ba neasteagmhais chliniciúla ceithre cinn díobh, bhain ceann amháin díobh le Octaplex, bhain ceann amháin díobh le plasma SD, agus níor chomhlíon trí cinn díobh na critéir maidir le tuairisc ar neasteagmhas a dhéanamh. Léiríonn sé seo méadú ar líon na dtuairiscí i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Tharla formhór na gcásanna neasteagmhais a tuairiscíodh do ONH ag céim sa phróiseas a ainmníodh mar 'eile' (tharla go leor díobh le linn samplaí a chlárú) nó ag céim eisiúna an phróisis.

**Fíor 7: Céim sa phróiseas fuilaistrithe inar tharla an chéad earráid**




### Earráidí Daonna v Earráidí Córais i Neasteagmhais

Ba é earráid dhaonna an toisc chúiseach ba mhó a luadh i dtuairiscí Neasteagmhais a fuarthas in 2023, (n = 31) tuairisc. Is iad na hearráidí daonna ba choitianta a shainaithnítear i dtuairiscí Neasteagmhais ná tascanna a dhéanamh go mícheart, mainneachtain cloí le beartais agus nósanna imeachta agus aird neamhleor ar mhionsonraí. Aithníodh sciorrthaí agus earráidí fíorúcháin i dtuairisc amháin.

Luadh Earráidí Córais mar an phríomhthoisc chúiseach i dtuairisc amháin. D'fhéadfadh freagróirí neamhaird a dhéanamh ar earráidí córais agus tuairiscí á gcomhlánú acu. Agus scrúdú á dhéanamh ar an gcúis ar tharla teagmhas, tá sé tábhachtach a fhiafraí an bhféadfaí aon rud a athrú chun an earráid a sheachaint. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag fadhbanna le soláthar foirne, acmhainní, ábhair etc. ar theagmhais a tharlaíonn agus ba chóir iad a luadh i dtuairiscí a chuirtear faoi bhráid ONH.

## Tosca Daonna i dtuairiscí ar Neasteagmhais

Shainaithin ONH roinnt tosca coitianta daonna i dtuairiscí ar Neasteagmhais agus ar Theagmhais Dhíobhálacha Thromchúiseacha araon, ag baint úsáide as an 12 thoisc earráide daonna is coitianta arna leagan amach ag Gordon Dupont i 1997 d'oiliúint ar Fheidhmíocht Dhaonna i gCothabháil do Transport Canada. Rinne ONH cuardach focal ar bhunachar sonraí agus anailísí cáilíochtúla chun na tosca daonna coitianta seo a shainaithint.

Sainaithníodh seachráin airde, earráidí cumarsáide, tuirse, easpa acmhainní agus brú i gcuid de na Tuairiscí Neasteagmhais a fuarthas. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé de dhualgas ar Oifigigh Haemafhaireachais tosca daonna a thuairisciú i dtuairiscí faoi láthair. Is féidir go mbíonn tionchar ag tosca daonna ar níos mó de na teagmhais a tharlaíonn gach bliain ná mar a thuairiscítear faoi láthair.

## Príomh-mholtaí

Caithfear a bheith níos cúramaí agus sonraí othair á gcur isteach ar LIS. Caithfidh baill foirne saotharlainne aird ar leith a thabhairt agus othair a bhfuil taifid stairiúla acu á gcur isteach acu. Ní mór taifid reatha agus stairiúla a chur i gcomparáid, agus tuilleadh eolais a iarraidh má tá difríocht idir na taifid. Ní mór a bheith cúramach freisin agus taifid á gcumasc.

Tarlaíonn trasuíomh lipéid nuair a bhíonn níos mó ná aonad amháin á phróiseáil ag an am céanna. Ba cheart aonaid a phróiseáil ceann ar cheann chun trasuíomh lipéid a chosc. D'fhéadfadh sé go laghdófaí an baol go n-eiseofar lipéad mícheart d'aonaid dá ndéanfadh ball foirne a ndearnadh measúnú inniúlachta air an dara seiceáil shínithe a chur i gcrích.

Ba cheart seiceálacha rialta a dhéanamh ar gach cuisneoir chun an baol go ndéanfar comhábhar atá imithe as dáta a laghdú. Ba chóir a chur i gcuimhne don fhoireann na rioscaí a bhaineann le comhábhair atá imithe as dáta a fhuilaistriú agus a bhfreagracht a chinntiú gach aonad atá imithe as dáta a bhaint as cuisneoirí agus go gcaithfear dáta éaga gach aon aonaid a bhaintear amach a sheiceáil.

## Frithghníomhartha Díobhálacha Tromchúiseacha

San iomlán, fuair ONH 147 tuarascáil FDT in 2023. Níor chomhlíon 13 díobh seo na critéir le haghaidh tuairiscithe agus dá bhrí sin, níor cuireadh ar aghaidh iad. Ghlac ONH le 135 tuairisc FDT. Bhí 67 díobh seo laistigh de raon feidhme reachtaíocht an AE agus intuairiscithe don ÚRTS mar sin, agus ní raibh 67 díobh intuairiscithe. Tá miondealú na dtuairiscí a fheiceáil i bhFíor 8.

**Fíor 8: Cineálacha FDT, rangú agus líon na dtuairiscí FDT a fuair ONH in 2023.**



As na frithghníomhartha ar glacadh leo, bhain 70 (52%) díobh le mná agus 64 (48%) díobh le fir. Ba iad an t-aoisghrúpa 70+ bliain d'aois ba mhó a bhí bainteach le frithghníomhartha fuilaistrithe agus ba iadsan a bhí freagrach as 48% de na FDTanna arna nglacadh ag ONH. In 2023, fuair ONH líon ní ba lú tuairiscí ó aoisghrúpaí níos óige, agus ní bhfuarthas aon tuairisc ó leanaí nuabheirthe. Féach fíor 9 chun teacht ar chéatadán na FDTanna a fuarthas do gach catagóir aoise.

**Fíor 9: Céatadán FDTanna a fuarthas do gach aoischatagóir a tuairiscíodh do ONH in 2023.**



Sanntar leibhéal inleagthachta do gach frithghníomhú fuilaistrithe (an dóchúlacht gurbh é an fuilaistriú ba chúis leis an bhfithghníomhú).  Seo a leanas na leibhéil inleagthachta; cinnte, dóchúil, féidearthach, neamh-inmheasúnaithe, neamhdhóchúil, agus eisiata. Ní ghlacann ONH ach le cásanna a bhfuil inleagthacht chinnte, dhóchúil nó fhéideartha sannta dóibh.

Is féidir go mbeadh sé deacair inleagthacht a shannadh do chás FDT mar gheall ar riochtaí bunúsacha othar agus cóireálacha othar. Anuas air sin, má bhíonn frithghníomhú fuilaistrithe moillithe nó neamhghnách, d'fhéadfadh sé a bheith dúshlánach do chliniceoirí na siomptóim a nascadh leis an bhfuilaistriú.

**Fíor 10: Inleagthacht a shanntar do gach cás FDT a tuairiscíodh do ONH in 2023.**




## Frithghníomhartha Fiabhrasacha, Ailléirgeacha agus Fotheannasacha

Fuair ONH 89 tuairisc ar fhrithghníomhartha fiabhrasacha, ailléirgeacha agus fotheannasacha. Díobh seo, níor chomhlíon 6 cinn na critéir chun dul chun cinn, bhí 24 díobh laistigh de raon feidhme reachtaíocht an AE agus dá bhrí sin tuairiscíodh iad don ÚRTS agus measadh nach raibh 59 díobh éigeantach. Ar ámharaí an tsaoil, tháinig téarnamh iomlán ar fhormhór na gcásanna (n=78), bhain ainiarmhairtí paiteolaíocha beaga le 4 díobh agus fuair othar amháin bás (gan aon bhaint leis an bhfuilaistriú).

Is féidir frithghníomhartha fiabhrasacha, ailléirgeacha agus fotheannasacha a rangú mar fhrithghníomhartha éadroma, measartha nó diana. Féach an tábla thíos le haghaidh ranganna éagsúla.

| | 1=ÉADROM | 2=MEASARTHA | 3=DIAN |
|---|---|---|---|
| **FNHTR** | Teocht ≥38°C agus ardú idir 1 agus 2°C ó na luachanna réamh-fhuilaistrithe, ach gan aon chomharthaí ná siomptóim eile | Ardú teochta 2°C nó níos mó, nó fiabhras 39°C nó os a chionn agus/nó crithfhuacht/creathadh, siomptóim/comharthaí athlastacha eile amhail miailgia nó masmas a chuireann stop leis an bhfuilaistriú roimh am | Ardú teochta 2°C nó níos mó, nó fiabhras 39°C nó os a chionn agus/nó crithfhuacht/creathadh, siomptóim/comharthaí athlastacha eile amhail miailgia nó masmas a chuireann stop leis an bhfuilaistriú roimh am, athbhreithniú pras leighis AGUS/NÓ a mbíonn fanacht san ospidéal mar thoradh díreach air, nó a chuireann leis an tréimhse san ospidéal. |
| **ANAIFIOLACSAS/ HIPIRÍOGAIREACHT** | Deargadh, urtacáire nó gríos sealadach. | Cársán nó anga-éidéime le/gan deargadh/urtacáire/gríos ach gan fadhbanna riospráide ná fotheannas. | Broncaifhreanga, cársán, anga-éidéime nó fadhbanna imshruthaithe a éilíonn idirghabháil phráinneach leighis AGUS/NÓ a mbíonn tréimhse san ospidéal mar thoradh díreach orthu nó a chuireann leis an tréimhse san ospidéal, nó anaifiolacsas (frithghníomhú hipiríogaireach ginearálaithe nó sistéamach tromchúiseach, bagrach don bheatha le fadhbanna aerbhealaigh agus/nó análaithe agus/nó imshruthaithe a thagann chun cinn go tapa, bainteach de ghnáth le hathruithe craicinn agus múcóis). |
| **FOTHEANNASACH** | | Titim aonraithe i mbrú fola sistólach de 30mmHg nó níos mó a tharlaíonn le linn fuilaistrithe nó laistigh d'uair an chloig ón bhfuilaistriú a chríochnú agus brú fola sistólach 80 mmHg nó níos lú in éagmais siomptóim ailléirgeacha nó anaifiolachtacha. Gan aon idirghabháil ag teastáil/idirghabháil bheag ag teastáil. | Fotheannas, mar a shainmhínítear roimhe seo, as a dtagann suaitheadh (e.g. aigéidéime, lagú ar fheidhm orgán ríthábhachtach) gan siomptóim ailléirgeacha ná athlastacha. Idirghabháil phráinneach leighis ag teastáil. |

## Frithghníomhartha Anaifiolacsais/Hipiríogaireacha

Fuair ONH 33 cás de fhrithghníomhú den chineál anaifiolacsais/hipiríogaireach. Bhí cás amháin ann nach ndeachaigh chun cinn mar cuireadh na siomptóim i leith cógais a tosaíodh le déanaí. As na cásanna ar glacadh leo, bhí 13 laistigh de raon feidhme reachtaíocht an AE agus intuairiscithe don ÚRTS mar sin, agus measadh nach raibh 19 díobh intuairiscithe don ÚRTS. Bhí líon ní ba mhó frithghníomhartha ailléirgeacha ag fir i gcomparáid le mná (fir=19, mná=13).

Ba le frithghníomhartha anaifiolachtacha/hipiríogaireachta den chuid ba mhó a bhain aifiréise pláitíní.  Féach tábla 2 chun teacht ar mhiondealú ar chásanna a bhaineann le gach comhábhar.

**Tábla 5: Comhábhair a bhaineann le frithghníomhartha anaifiolacha/hipiríogaireacha.**

| Comhábhar | Líon na gcásanna n=32 |
|---|---|
| RBC (Fuilchealla Dearga) | 12 |
| Plasma Glantach Tuaslagóra | 1 |
| Aifiréis Pláitíní | 15 |
| Pláitíní Comhthiomsaithe | 4 |

I gcomparáid le daoine óga, ba iad daoine fásta ba mhinice a buaileadh le frithghníomhartha ailléirgeacha agus ba iad daoine 51–70 bliain d'aois an cohórt a raibh an líon ba mhó cásanna acu. Féach fíor 11 chun teacht ar mhiondealú.

**Fíor 11: Líon agus raon aoise na n-othar a raibh frithghníomhartha anaifiolachtacha/hipiríogaireachta acu.**




Ba í an urtacáire an siomptóm ba choitianta a tuairiscíodh, féach fíor 12 le haghaidh liosta iomlán na siomptóm. Ba éagsúil na roghanna cóireála a úsáideadh agus ba iad frith-hiostaimíní (n=30) agus stéaróidigh (n=22) na cinn ba mhinice a úsáideadh. Tugadh frith-hiostaimíní chomh maith do gach othar a fuair stéaróidigh. I measc na gcóireálacha eile, bhí teiripe ocsaigine (n=7), frithphireataí (n=7), sreabháin infhéitheacha (n=7) agus aidréanailín (n=4). Tháinig 31 othar chucu féin go hiomlán agus bhí ainiarmhairtí paiteolaíocha beaga ar dhuine amháin mar gheall ar thréimhse fhada san ospidéal.

Fir ab ea na hothair uile a fuair aidréanailín, fuair 2 othar aifiréise pláitíní, fuair 1 othar pláitíní comhthiomsaithe, agus fuair othar amháin fuilchealla dearga. Molann ONH aidréanailín a thabhairt má tá amhras ann go bhfuil anaifiolacsas i gceist.

**Fíor 12: Siomptóim a sainaithníodh in othair a raibh frithghníomhartha anaifiolacsais/hipiríogaireacha orthu a tuairiscíodh do ONH in 2023.**




Féach fíor 13 le haghaidh inleagthacht na gcásanna a fuarthas.

**Fíor 13: Inleagthacht sannta do chásanna de fhrithghníomhartha anaifiolacsais/hipiríogaireacha a tuairiscíodh do ONH in 2023.**



**Cás 4:**

**Fuair fear idir 18-30 bliain d'aois a raibh stair ainéime limfeablastach géarmhíochaine cealla-B air 2 aonad de phláitíní comhthiomsaithe. Ba é 25 an comhaireamh pláitíní roimh an bhfuilaistriú. Bhí stair fhuilaistrithe fhairsing ag an othar agus fuair sé 1 aonad de phláitíní comhthiomsaithe roimh an bhfrithghníomhú seo gan fadhb ar bith. Bhuail urtacáire ar an stoc an t-othar, mar aon le dispnia agus cársán mar aon le mothú teannadh scornach agus anga-éidéime ar an aghaidh, ar an stoc, ar na géaga agus ar na liopaí. Cé gur cuireadh an fuilaistriú i gcrích, forbraíodh na siomptóim laistigh de 28 nóiméad ó thús an aonaid. Fuair an t-othar ocsaigin, hidreacortasón infhéitheach, piriton agus néalaitheoirí aidréanailín. Rinneadh téarnamh iomlán laistigh de 30 nóiméad agus tá an t-othar chun réamhchógas frith-hiostaimín a fháil roimh fhuilaistriú pláitíní amach anseo.**

## Frithghníomhartha Neamh-Haemalaíocha Fiabhrasacha Fuilaistrithe

Fuair ONH 52 tuairisc faoi fhrithghníomhartha FNTHR. Díobh seo, ní dheachaigh 4 cinn chun cinn (bhí inleagthacht neamhdhóchúil i gcás 3 cinn díobh agus cuireadh siomptóim othar amháin i leith bunghalair). Ba é fuilaistriú cealla dearga ba mhó a bhí bainteach le FNTHR.

**Tábla 6: Comhábhair bainteach le FHTHR in 2023**

| Comhábhar | Líon na gcásanna n=48 |
|---|---|
| Áireamh Fuilcheall Dearg | 44 |
| Pláitíní Aifiréise | 2 |
| Pláitíní Comhthiomsaithe | 2 |

Bhain 33 cás le mná agus bhain 15 cás le fir. Tuairiscíodh gurbh iad daoine 70+ bliain d'aois ba mhó a raibh FNTHR acu i ndiaidh fuilaistrithe. Tá miondealú iomlán ar na haoisraonta le feiceáil i bhfíor 14.

**Fíor 14: FNTHR roinnte de réir aoisraoin agus líon na n-othar.**



Ba é an siomptóm ba choitianta le FNTHR ná ardú teochta. Féach Fíor 15 le haghaidh raon iomlán na siomptóm.

**Fíor 15: Comharthaí a bhaineann le FNTHR de réir cáis.**




Ba iad frithphireataí an chóireáil ba mhó a úsáideadh (n=33), agus ina dhiaidh sin antaibheathaigh (n=10), sreabháin (n=7), stéaróidigh (n=4), frith-hiostaimíní (n=3), teiripe ocsaigine (n=3) agus fualbhrostaigh (n=1). Ní raibh aon chóireáil de dhíth ar 5 othar. Ar ámharaí an tsaoil, tháinig 44 othar chucu féin go hiomlán, bhain ainiarmhairtí paiteolaíocha beaga le 3 díobh agus fuair othar amháin bás gan aon bhaint aige sin leis an bhfuilaistriú.
Féach fíor 16 le haghaidh inleagthacht a shanntar do FNTHR.

**Fíor 16: Inleagthacht a shanntar do chás FNHTR a tuairiscíodh do ONH in 2023.**



**Cás 5:**

**Bhuail ainéime othar baineann idir 31-50 bliain d'aois i ndiaidh neifriliteatóime agus steintín JJ a chur isteach le haghaidh calcalas duáin agus beannaigh. Bhí PERC an othair ag draenáil haematúire tar éis an ghnáthaimh agus bhí leibhéal haemaglóibin 7.7g/dl aici. Fuair sí 2 aonad d'fhuilchealla dearga; níor tharla aon teagmhas sa chéad aonad. Tháinig fiabhras ar an othar le hardú teochta 3 chéim ag dul ó 36.9 ag an mbunlíne go 39.9 le crithfhuacht agus creathadh tar éis an dara haonad. Thosaigh na siomptóim 2 uair agus 30 nóiméad tar éis thús an fhuilaistrithe. Cuireadh stop leis an bhfuilaistriú agus níor leanadh arís leis. Rinneadh scagthástáil bhaictéarach ar an othar agus ar an táirge araon agus léirigh na torthaí nach raibh aon fhás baictéarach ann. Ní raibh aon fhianaise chliniciúil ann ar haemalú ach an oiread. Fuair an t-othar 1g de pharaicéiteamól agus thit an teocht laistigh de 10 n-uaire an chloig. Ní raibh gá le tuilleadh fuilaistrithe don othar.**

## Frithghníomhartha Fuilaistrithe Fotheannasacha

Fuair ONH 4 thuairisc faoi fhrithghníomhartha fuilaistrithe fotheannasacha in 2023. Níor ghlac ONG le cás amháin, bhí 2 chás laistigh de raon feidhme reachtaíocht an AE agus intuairiscithe don ÚRTS mar sin, agus ní raibh cás amháin intuairiscithe don ÚRTS.

Tharla na frithghníomhartha fotheannasacha go léir a tuairiscíodh do ONH in 2023 in othair 70 bliain d'aois nó níos sine, beirt fhear agus bean amháin ab ea iad. Bhí inleagthacht fhéidearach i gceist le gach ceann díobh agus bhain fuilaistriú fuilchealla dearga le gach ceann díobh.

Bhain an chéad tuairisc le fear a ligeadh isteach san ospidéal le fibriliú fir aitriach mar gheall ar ainéime. Fuair sé aonad amháin d'fhuilchealla dearga. Agus an fuilaistriú ar siúl 20 nóiméad, thit a bhrú fola go 96/56. Cuireadh deireadh leis an bhfuilaistriú, agus fuair an t-othar sreabháin infhéitheacha agus cobhsaíodh brú fola 9 n-uaire an chloig tar éis an fhrithghníomhaithe amhrasta.
Bhain an dara tuairisc le fear a raibh ailse próstataigh agus ainéime air. Fuair an t-othar 1 aonad d'fhuilchealla dearga. Ag 80 nóiméad, thit an brú fola go 78/49 agus níor tugadh aon siomptóim eile faoi deara. Cuireadh stop leis an bhfuilaistriú agus níor leanadh leis arís. Tugadh sreabháin agus hidreacortasón don othar. Baineadh téarnamh iomlán amach i gceann 30 go 60 nóiméad.

Bhain an tuarascáil deiridh le bean a raibh haematúire uirthi. Fuair sí aonad amháin d'fhuilchealla dearga agus bhí eipeasóid fhotheannasach aici 2 uair an chloig tar éis thús an fhuilaistrithe. Cuireadh stop leis an bhfuilaistriú agus níor leanadh leis arís, agus fuair sí sreabháin infhéitheacha. Rinneadh téarnamh iomlán i gceann 90 nóiméad.

## Conclúid

Is iad frithghníomhartha fiabhrasacha agus ailléirgeacha dhá cheann de na FTDanna is minice a tuairiscíodh i gcónaí. Ní féidir iad a sheachaint agus is féidir leo tarlú le fuilaistriú ar bith. I gcomparáid le tuarascáil bhliantúil SHOT (2022), táthar ag leanúint ar aghaidh le frith-hiostaimíní agus stéaróidigh a oideasú go míchuí mar chóireáil i gcás FNTHR. Tá freagracht ar chliniceoirí a chinntiú go bhfaigheann othair cóireáil chuí (SHOT 2023). Tá gá le níos mó béime a chur ar aithint siomptóm agus ar bhainistiú FDT chun a chinntiú go bhfaigheann othair cóireáil chuí. Léiríonn ár sonraí go bhfuil sé níos deacra nasc a dhéanamh idir siomptóim dhíobhálacha FNHTR agus frithghníomhartha fotheannasacha ná mar a bhíonn le frithghníomhartha ailléirgeacha, toisc go raibh níos mó cásanna i gceist le frithghníomhartha ailléirgeacha inar sannadh inleagthacht chinnte agus dhóchúil i gcomparáid le FNTHR agus frithghníomhartha fotheannasacha.

## Deacrachtaí Scamhógacha

I measc deacrachtaí scamhógacha a bhaineann le fuilaistriú, tá ró-ualach scamhógach a bhaineann le fuilaistriú (TACO), gortú géarmhíochaine scamhógach bainteach le fuilaistriú agus dispnia bainteach le fuilaistriú (TAD).  Creidtear gurb é éidéime scamhógach hidreastatach is cúis le TACO mar gheall ar bhrú ribeach scamhógach méadaithe (Bulle et al 2022). I gcontrárthacht leis sin, is minic a bhíonn spreagthóirí athlastacha amhail fadhbanna bunúsacha an othair ina gcúis le TRALI, agus idirghabhálaithe atá i láthair san fhuilaistriú a ghníomhaíonn an t-intéiliam agus na neodraifilí scamhógacha ina dhiaidh sin. Mar thoradh air seo, méadaítear tréscaoilteacht scamhógach as a dtagann éidéime scamhógach úscach. Is féidir é seo a chóireáil trí mheán antasubstainte nó gan antasubstaint (Vlaar agus Juffermans, 2013; Van Wonderen et al 2023). Uaireanta, ní oireann deacrachtaí scamhógacha do shainmhínithe TACO, TRALI nó frithghníomhartha de chineál ailléirgeach; sna cásanna seo, rangaítear iad mar TAD.

Fuair ONH 36 tuairisc faoi fhrithghníomhartha fuilaistrithe fotheannasacha in 2023. Tá sé seo beagán níos lú ná mar a tuairiscíodh in 2022 nuair a fuarthas 42 tuairisc. Ba iad TACOanna an deacracht scamhógach ba mhó a tuairiscíodh agus b'ionann iad agus 94% de na cásanna a fuarthas.

Glacann ONH le cásanna TACOanna éigeantacha agus neamhéigeantacha araon agus cloíonn sé le sainmhíniú faireachais éigeantaigh TACO ISBT agus cásanna á rangú (Wiersum-Osselton et al 2019).

## Ró-ualú Imshruthaithe Bainteach le Fuilaistriú

Tuairiscíodh 34 cás de TACO do ONH in 2023. Bhí 30 cás laistigh de raon feidhme reachtaíocht an AE agus intuairiscithe don ÚRTS mar sin, measadh nach raibh 2 chás intuairiscithe don ÚRTS agus níor cuireadh 2 chás ar aghaidh. As na cásanna nár cuireadh ar aghaidh, cuireadh siomptóim othar amháin i leith bhunghalar an othair agus sannadh inleagthacht eisiata don dara ceann. Cuireadh inleagthacht áirithe i leith 4 chás, dóchúil i leith 13 chás agus féidearthach i leith 15 chás. Bhí baint ag gach cás le fuilchealla dearga (RBCanna), agus tuairiscíodh in 8 gcás go bhfuair an t-othar fuilchealla dearga freisin roimh an aonad ba chúis leis an bhfrithghníomhú, agus tugadh fuilaistriú de chomhábhar iolracha d'othar amháin.

Bhí tionchar díréireach ag an scéal ar dhaoine scothaosta agus b'ionann iad agus 75% de na TACOanna a tuairiscíodh. Féach an chairt thíos chun teacht ar mhiondealú na n-aoisghrúpaí a bhfuil tionchar ag TACO orthu.

**Fíor 17: Aoisraon na n-othar ar tháinig TACO orthu in 2023.**




Seachas othar amháin, bhí comhghalrachtaí ar na hothair uile a mhéadaigh an riosca a bhí orthu TACO a fhorbairt (galar duánach n=6, riospráide n=12, cairdiach n=26). Bhí 2 chomhghalracht ardriosca ar 10 n-othar san iomlán (galar duánach/cairdiach n= 2, galar riospráide/cairdiach n= 8) agus bhí na trí thoisc riosca go léir ar othar amháin.

Bhí sé deacair a chinneadh an raibh cothromaíocht dhearfach sreabháin ag othair roimh an bhfuilaistriú mar gheall ar theip ar an gcothromaíocht sreabhán a thionscnamh nó a thaifeadadh go cruinn (n=25). As na cásanna inar tuairiscíodh cothromaíocht sreabhán, thuairiscigh 4 chás cothromaíocht dhearfach agus 3 chás cothromaíochtaí diúltacha. Ar an gcaoi chéanna, ní raibh meáchan réamh-fhuilaistriúcháin ar fáil i gcónaí; féach fíor 18 chun teacht ar mhiondealú ar raon meáchain an othair.

**Fíor 18: Raon meáchain na n-othar ar tháinig TACO orthu in 2023.**




Ba iad fadhbanna riospráide an siomptóm ba mhó a tuairiscíodh.

**Fíor 19: Siomptóim tuairiscithe othar TACO a tuairiscíodh do ONH in 2023.**



Ba é riaradh fualbhrostaigh an chóireáil ba choitianta (n=28), bhí 3 othar ar fhualbhrostaigh go rialta agus fuair 2 othar fualbhrostaigh roimh an bhfuilaistriú agus ina dhiaidh. Ba í teiripe ocsaigine an dara cóireáil is coitianta a roghnaíodh (n=22). I measc na gcóireálacha eile, bhí análóirí néalaitheora (n=12), stéaróidigh (n=4), agus frithphireatáí (n=4).
Tháinig formhór na n-othar chucu féin go hiomlán (n=22), bhain ainiarmhairtí paiteolaíocha beaga le 7 díobh agus fuair 3 acu bás (gan aon bhaint leis an bhfuilaistriú).

Féach fíor 21 le haghaidh inleagthacht a shanntar do chásanna TACO.

**Fíor 20: Inleagthacht a shanntar do chásanna TACO a tuairiscíodh do ONH in 2023.**



**Cás 6:**

**Othar baineann os cionn 70 bliain d'aois a tógadh isteach le hainéime mar thoradh ar fhuiliú leanúnach PR. Bhí an haemaglóibin 7.6gd/l agus ordaíodh aonad amháin d'fhuilchealla dearga di. Bhí stair diansteanóis aortach agus galar scamhóige toirmeascach ainsealach (COPD) ag an othar. Cuireadh stop leis an bhfuilaistriú go sealadach ag 45 nóiméad de réir mar a tháinig corraíl agus taiceacairde ar an othar. Cuireadh deireadh leis an bhfuiliú go hiomlán tar éis 40 nóiméad eile mar gheall ar anacair riospráide (dísháithriú agus dispnia). Aithníodh cársán déthaobhach ar éisteachas leis an gcliabhrach agus bhí x-gha an chliabhraigh ag teacht le TACO agus é ag léiriú eisleathadh pleorach. Ina theannta sin, bhí leibhéil BNP ardaithe ach ní raibh leibhéil BNP réamh-fhuilaistrithe ar fáil. Fuair an t-othar ocsaigin agus fualbhrostach i ndiaidh an fhuilaistrithe agus tháinig ainiarmhairtí paiteolaíocha beaga ar an othar.**

## Géarghortú Scamhóige Bainteach le Fuilaistriú

Fuair ONH tuairisc amháin maidir le cás TRALI in 2023, rud a bhí faoi raon feidhme reachtaíocht an AE agus rinneadh é a thuairisciú don ÚRTS mar sin. Bhain an cás seo le leanbh faoi bhun bliain d'aois. Bhí an t-othar ag fáil fuilchealla dearga agus bhuail fotheannas (52/30mm/hg), dísháithiúchán (sáithiú O2 <40%) agus ionsíothláití scamhógacha déthaobhacha nua é. Bhí sé deacair an t-othar a aeráil le táil iontraicéacha bándearga cúrthach. Bhí an t-othar go dona tinn tráth an fhuilaistrithe agus bhí gá le haeráil mhéadaithe agus cógais ineatrópacha. Thosaigh na siomptóim laistigh de 40 nóiméad ó thús an fhuilaistrithe. Glaodh ar ais ar an deontóir agus braitheadh IgM frith-HNA 1a sa deontóir agus san fhaighteoir. Ar ámharaí an tsaoil, tháinig biseach iomlán ar an othar. Sannadh inleagthacht dóchúil don chás.

## Dispnia Bainteach le Fuilaistriú

Fuair ONH tuairisc amháin maidir le TAD in 2023; tháinig an tuairisc seo faoi raon feidhme reachtaíocht an AE agus rinneadh é a thuairisciú don ÚRTS mar sin. Bhain an cás seo le bean (70+ bliain d'aois) a fuair fuilchealla dearga mar gheall ar ainéime. Tháinig dispnia, dísháithiúchán ó 90% go 78% agus taiceacairde (77 go 130 bpm) ar an othar 30 nóiméad tar éis thús an deonaithe. Áiríodh ar an gcóireáil teiripe ocsaigine, stéaróidigh, agus néalaitheoirí/análóirí. Rinneadh téarnamh iomlán i ndiaidh dhá lá. Sannadh inleagthacht fhéidearthach don chás.

## Conclúid

Ar ámharaí an tsaoil, ba annamh a tharla TRALI ná TAD. Ba iad TACOanna an aimhréidh scamhógach is coitianta a tuairiscíodh, agus an dara FTD is coitianta a tuairiscíodh. Ós rud é gur féidir an frithghníomhú seo a chosc, tá sé ríthábhachtach go ndéantar iarracht leanúnach othair atá i mbaol a shainaithint. Molann ONH go n-úsáidfí liosta seiceála chun iad siúd atá i mbaol a shainaithint. Ba cheart go n-ainmneofaí ar an seicliosta seo othair a mbaineann tosca riosca TACO leo, amhail stair comhghalrachtaí cairdiacha, duánacha nó scamhógacha, iad siúd a bhfuil meáchan coirp íseal nó cothromaíocht dhearfach sreabháin acu agus iad siúd atá anonn in aois. Má aithnítear othar mar othar ardriosca TACO agus má tá fuilaistriú de dhíth air, molann ONH breathnóireacht chúramach a dhéanamh ar an othar, an ráta fuilaistriúcháin a laghdú más féidir agus teiripe réamh-fhualbhrostach/iar-fhualbhrostach a thabhairt dó,

má tá gá leis go cliniciúil. Leagtar béim i dtuarascáil bhliantúil SHOT (2023) nach cleachtadh ticeála boscaí é an seicliosta TACO agus gur cheart é a mheas mar shos sábháilteachta chun sábháilteacht an othair a chinntiú. Ós rud é gur FTD inchoiscthe é TACO, tá algartam TACO curtha le chéile ag ONH chun iad siúd atá i mbaol a shainaithint agus sábháilteacht othar a chur chun cinn (féach aguisín 1).

## Frithghníomhartha Haemalaíocha Fuilaistrithe

Fuair ONH 8 dtuairisc ar haemalú in 2023; bhí dhá cheann díobh faoi raon feidhme reachtaíocht an AE agus rinneadh iad a thuairisciú don ÚRTS mar sin. Níor chomhlíon dhá chás na critéir intuairiscithe agus níor cuireadh ar aghaidh leo. Ba chásanna den haemalú imdhíoneolaíoch de bharr allo-antasubstainte gan ABO a áireamh gach ceann de na cásanna a tuairiscíodh.. Ba chásanna den haemalú moillithe iad na cásanna go léir ar glacadh leo, agus na siomptóim le feiceáil níos mó ná 24 uair an chloig tar éis an fhuilaistrithe. Seo a leanas an inleagthacht a sannadh dóibh: cinnte (n=1), dóchúil (n=3) agus féidearthach (n=2).

**Fíor 21: Allo-antashubstaint braite i ndiaidh an fhuilaistrithe.**




Bhain na cásanna go léir le mná a fuair fuilaistriú d'fhuilchealla dearga. Bhain formhór na gcásanna le daoine scothaosta (n=4), ach bhí daoine idir 51 agus 70 bliain d'aois (n=1) agus idir 18 agus 30 bliain d'aois (n=1) i gceist chomh maith.

I measc na siomptóim shaotharlainne a tuairiscíodh bhí haemaglóibin ag titim (n=4), méadú ar dihidrigionáis lachtáite (n=5), láithreacht sféaraicítí ar sceo fola (n=3), laghdú ar haptaglóibin (n=1) agus méadú ar bhilearúibin (n=2).

**Cás 7:**

**Tógadh bean os cionn 70 bliain d'aois isteach san ospidéal le hainéime mar thoradh ar dhíbhéartaclóis. Bhí haemaglóibin réamh-fhuilaistrithe an othair ag 5.7g/dl agus fuair sí dhá aonad d'fhuilchealla dearga. Ní raibh aon siomptóim chliniciúla den haemalú ag an othar, ach léirigh torthaí saotharlainne go raibh haemalú ann. Sainaithníodh frithghníomhú 14 lá i ndiaidh an fhuilaistrithe. I measc na siomptóm saotharlainne bhí laghdú ar haemaglóibin agus haptóglóibin agus méadú ar chréitinín agus ar dhihidrigionáis lachtáite (LDH) araon. Léirigh scagthástáil antasubstaintí go raibh frith-JKb i láthair. Ní raibh aon chóireáil de dhíth ar an othar, ach moladh fuil JKb-dhiúltach a eisiúint le haghaidh fuilaistrithe amach anseo.**

## Conclúid

Ní mór measúnú cliniciúil a dhéanamh ar othair a bhfuil fianaise shaotharlainne ann ar haemalú (tuarascáil bhliantúil SHOT 2022). Molann ONH go bhfaighidh othair oideachas i ndiaidh fuilaistrithe faoi na comharthaí agus na hairíonna cliniciúla a bhaineann le haemalú moillithe agus cé leis ar cheart dóibh teagmháil a dhéanamh leo má thagann na siomptóim seo chun cinn nuair a scaoiltear ón ospidéal iad.

## Ionfhabhtuithe a Tharchuirtear trí Fhuilaistriú.

Fuair ONH 2 thuairisc ar ionfhabhtú arna tharchur trí fhuilaistriú agus bhain inleagthacht eisiata leis an dá cheann agus mar sin, níor cuireadh ar aghaidh iad.

## Frithghníomhartha Neamhrangaithe Fuilaistrithe

Fuair ONH 12 thuairisc faoi fhrithghníomhartha fuilaistrithe neamhrangaithe. Díobh seo, ghlac ONH le 11 chás agus tuairiscíodh 9 gcás eile don ÚRTS. Bhain formhór na bhfrithghníomhartha le fuilaistrithe fuilchealla dearga (n=9), ach bhí baint ag aifiréis pláitíní (n=1) agus pláitíní comhthiomsaithe (n=1) le frithghníomhartha neamhrangaithe chomh maith.

Bhí na siomptóim ilghnéitheach agus tuairiscíodh siomptóim iomadúla i ngach cás.

**Fíor 22: Siomptóim a tuairiscíodh maidir le hothair ar tháinig frithghníomhú neamhrangaithe orthu in 2023.**




Tháinig 8 n-othar chucu féin go hiomlán ach bhí ainiarmhairtí paiteolaíocha beaga ar thriúr (3) eile, áfach. As na cásanna sin inar rangaíodh an toradh cliniciúil mar ainiarmhairtí paiteolaíocha beaga, bhuail seipticéime othar amháin agus bhí antaibheathaigh de dhíth air, bhí gá othar eile a ligean isteach san ospidéal thar oíche le haghaidh antaibheathach agus bhuail fadhbanna riospráide a mhair ar feadh 4 lá othar eile.
Féach fíor 23 le haghaidh inleagthacht na bhfrithghníomhartha neamhrangaithe.

**Fíor 23: Inleagthacht sannta do chásanna tuairiscithe de fhrithghníomhartha neamhrangaithe.**



**Cás 8:**

**Tugadh fuilaistriú aonad amháin d'fhuilchealla dearga d'othar fireann idir 18 agus 30 bliain d'aois a raibh géarleoicéime mhialablastach air mar gheall ar ainéime. Ba é 6.5g/dl leibhéal an haemaglóibine roimh an bhfuilaistriú. Cuireadh stop leis an bhfuilaistriú agus níor leanadh arís leis tar éis 27 nóiméad de réir mar a tháinig pian sa bholg, pian droma agus teannas sa chliabhrach ar an othar. I measc na siomptóm eile bhí fotheannas, meadhrán, radharc doiléir, agus bhí an t-othar taisfhuar ach ní raibh aon fhiabhras gaolmhar leis. Léirigh an scagthástáil chliniciúil nach raibh frithghníomhú haemalaíocha fuilaistrithe ná éilliú baictéarach i gceist. Rinneadh CT den abdóman/ peilbheas, agus ní raibh aon fhianaise sna torthaí go raibh fuiliú intra-abdómanach ann. Fuair an t-othar ocsaigin, frith-hiostaimín, stéaróidigh, ópóidigh, agus sreabháin infhéitheacha agus tháinig biseach iomlán air laistigh de 3 uair an chloig. Fuair an t-othar fuilaistrithe i ndiaidh an fhrithghnímh seo, agus níor tharla teagmhas ar bith eile.**

## Conclúid

Is féidir go mbeadh sé deacair FTDanna a rangú nuair nach mbíonn na siomptóim ag teacht leis na sainmhínithe atá sa doiciméad um Chur Chuige Choiteann an Choimisiúin Eorpaigh. Tá sé tábhachtach faisnéis a bhailiú faoi fhrithghníomhartha neamhshonracha chun eolas agus cleachtas a fheabhsú (SHOT 2022)

***Fuil Mhícheart san Fheadán***

*Sainmhíniú: Tarlaíonn fuil mhícheart sa fheadán (WBIT) nuair a thógtar fuil ón othar mícheart agus lipéadaítear le sonraí an othair bheartaithe í NÓ nuair a thógtar fuil ón othar beartaithe, ach lipéadaítear le sonraí othair eile í (SHOT, 2022).*

## Cineálacha earráide WBIT a tharla in 2023.

Fuair ONH 78 tuairisc ar fhuil mhícheart i bhfeadán in 2023. Chomhlíon na tuarascálacha go léir na critéir tuairiscithe agus glacadh leo. Bhain 67 tuairisc le sampla a thógáil ón othar beartaithe ach an lipéad mícheart a chur air (mílipéadaithe), agus tógadh 8 sampla ón othar mícheart agus cuireadh an lipéad ceart air (bailithe go mícheart) agus bhain 3 shampla eile leis an gcatagóir 'eile'. As na trí shampla a rangaíodh mar institiúidí tuairiscithe 'eile', ní raibh siad in ann a chinneadh an raibh an sampla lipéadaithe go mícheart nó ar bailíodh go mícheart é in 2 cheann de na cásanna; ba é ba chúis leis an WBIT eile ná sampla a tógadh ón ngéag chéanna ina raibh fuil éigeandála O-diúltach á hinsileadh.

Is ábhar imní fós iad WBITanna agus méadú suntasach tagtha ar líon na dtuairiscí a fuarthas in 2023.

**Fíor 24: Graf a léiríonn an treocht i gcineálacha earráidí ó 2019 go 2023.**




## Cé a bhí bainteach leis an earráid?

Is iad dochtúirí, altraí agus cnáimhseacha na príomh-rannpháirtithe i WBIT i gcónaí. Ba iad cnáimhseacha an grúpa ba mhó a raibh baint acu le WBITanna. Tugann ár sonraí le fios go bhfuil gá le hoideachas leanúnach a dhíríonn ar na grúpaí seo.

**Fíor 25: Líon agus catagóir na n-oibrithe sláinte a bhí páirteach i dteagmhais WBIT in 2023.**



## Cár tharla an earráid?

Ba ar an mbarda, ar an mbarda máithreachais/luí seoil agus sa roinn éigeandála ba mhinice a tharla earráidí.

**Fíor 26: Áit ar tharla an chéad earráid sna tuairiscí a fuair ONH in 2023.**



## Cineálacha earráide - earráid dhaonna v. earráid chórais

Is í earráid dhaonna an phríomhchúis le WBIT i gcónaí, agus luadh earráidí a bhaineann le mainneachtain dhaonna i 142 de na cásanna. Tuairiscíodh mainneachtana iomadúla daonna i 40 de na cásanna a tuairiscíodh. Luadh mainneachtana córais i 13 de na WBITanna a tuairiscíodh. Féach fíor 27 agus fíor 28 chun teacht ar mhiondealú ar na mainneachtana daonna agus córais a tuairiscíodh.

**Fíor 27: Cineálacha mainneachtana daonna arna luadh ag Oifigigh Haemafhaireachais i dtuairiscí a fuair ONH in 2023.**




**Fíor 28: Mainneachtana córais arna luadh ag Oifigigh Haemafhaireachais i dtuairiscí a fuair ONH in 2023.**



## WBITS Céard a tharla?

De ghnáth bíonn WBIT mar thoradh ar earráidí agus easnaimh iomadúla. Aithníodh lipéadú agus sampláil mar an chuid ba mhinice den phróiseas inar tharla WBITanna den chéad uair. Níor tharla earráidí nó easnaimh ina n-aonar de ghnáth agus bhí tosca agus easnaimh iomadúla ina gcúis le gach WBIT.

Ba é an chúis ba mhó le WBIT ná nach ndearna an fleibeatóimí an t-othar a shainaithin i gceart. Leagann sé seo béim ar an tábhacht a bhaineann le haitheantas dearfach othar a dhéanamh agus sampla á bhailiú. Is éard atá i gceist le haitheantas dearfach othair ná ainm agus dáta breithe an othair a iarraidh agus a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis a fhaightear ag teacht le banda láimhe agus lipéid an othair araon. Ba fhadhb athfhillteach chomh maith í samplaí a lipéadú go cianda; ba cheart samplaí a lipéadú ag an leaba agus gan réamhlipéadú ná lipéadú go cianda a dhéanamh i ndiaidh na samplála. Féach fíor 29 chun teacht ar an gcéim sa phróiseas samplála inar tharla an earráid ar dtús.

**Fíor 29: Céim sa phróiseas samplála inar tharla an earráid den chéad uair**



**Fíor 30: Earráidí arna sainaithint ag Oifigigh Haemofhaireachais agus a luadh i dtuarascálacha WBIT a cuireadh faoi bhráid ONH in 2023.**



## Tosca Daonna a chur leis an earráid

Tá sé deacair a chinneadh cén tionchar a bhí ag tosca daonna ar na WBITanna a tuairiscíodh toisc nach bhfuil ceist againn faoi láthair ar dhoiciméad tuarascála WBIT a dhéanann mionscrúdú air seo. Baineadh úsáid as anailís cháilíochtúil, baineadh tosca daonna amach agus rinneadh iad a chódú chun aon treochtaí sa téacs saor a shainaithint.

Timpeallacht ghnóthach ba mhó a tuairiscíodh agus ina dhiaidh sin, luadh fadhbanna leis na córais leictreonacha inar tharla fadhbanna fabhtcheartaithe nó gur priontáladh lipéid othar roimhe seo. Leagann sé seo béim arís ar an tábhacht a bhaineann le haitheantóirí othar a sheiceáil.

Molann ONH, má chuirtear isteach ar shamplóir le linn bailiúcháin fola, gur cheart an próiseas aitheantais dhearfaigh othair a dhéanamh an athuair. Tá gá le níos mó béime ar fhachtóirí daonna a chuir leis an WBIT a thuairisciú chun tuiscint níos críochnúla a fháil ar chineál na WBITanna. Féach fíor 31 chun teacht ar liosta de na tosca daonna a chuir leis an WBIT.

**Fíor 31: Tosca daonna a aithníodh mar thosca a chuir le teagmhas WBIT a tuairiscíodh do ONH in 2023.**



## Córas Leictreonach Sainaitheantais agus teagmhais WBIT

- Bhí Córas Leictreonach Sainaitheantais ar fáil i 64 WBIT (82%)
- In ainneoin go raibh sé ar fáil, níor úsáideadh an Córas Leictreonach Sainaitheantais i 12 WBIT.

Bhí cúiseanna éagsúla i gceist gan an Córas Leictreonach Sainaitheantais a úsáid in ainneoin go raibh sé ar fáil:

- Luadh i dtuairisc amháin ann nach raibh an Córas Leictreonach Sainaitheantais ná an printéir ag obair agus gur scríobhadh na samplaí de láimh dá bharr.
- Tuairiscíodh i gceithre cinn de na cásanna nár cuireadh oiliúint ar an samplóir nó nach raibh an t-eolas ábhartha aige/aici maidir leis an gCóras Leictreonach Sainaitheantais a úsáid.
- Ní raibh cuntas rochtana ag ball foirne cúraim sláinte amháin chun an Córas Leictreonach Sainaitheantais a úsáid.
- Ní raibh barrachód ar bhanda láimhe othair amháin agus dá bhrí sin ní fhéadfaí an Córas Leictreonach Sainaitheantais a úsáid.
- Ní raibh sé soiléir cén fáth nár úsáideadh an Córas Leictreonach Sainaitheantais i 5 chás eile.

Tugadh cúiseanna éagsúla gur tharla teagmhais WBIT in ainneoin gur úsáideadh Córas Leictreonach Sainaitheantais a úsáid. Ba iad earráidí a bhain le bandaí láimhe agus lipéadú cianda samplaí na príomhchúiseanna le WBITanna. I measc na n-earráidí WBIT a bhaineann le bandaí láimhe tá; banda láimhe mícheart nó gan aon bhanda láimhe ar an othar, bandaí láimhe á scanadh ó nótaí agus bandaí láimhe doléite.

**Fíor 32: Tosca a chuir le teagmhas WBIT agus Córas Leictreonach Sainaitheantais in úsáid.**



## Grúpa fola a d'fhéadfaí a fhuilaistriú i dteagmhais WBIT.

Dá dtarlódh fuilaistriú mar thoradh ar an WBIT, bheadh mí-mheaitseáil mhór mar thoradh ar 21 de na cásanna. Ní raibh an grúpa fola a bhféadfaí a fhuilaistriú ar eolas i 12 shampla agus dhiúltaigh an tsaotharlann don chuid is mó de na samplaí seo roimh an tsampláil.

**Fíor 33: Neamh-chomhoiriúnachtaí grúpa fola a sainaithníodh i dtuairiscí WBIT a cuireadh faoi bhráid ONH in 2023.**

| | | Grúpa fola a d'fhéadfaí a fhuilaistriú | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | A | B | O | AB | Anaithnid | Comhoiriúnach | Neamh-chomhoiriúnach |
| Grúpa Fola na nOthar | A | 9 | 1 | 8 | 1 | 2 | 17 | 2 |
| | B | 2 | 0 | 4 | 0 | 0 | 4 | 2 |
| | O | 13 | 5 | 18 | 1 | 3 | 18 | 19 |
| | AB | 1 | 0 | 3 | 0 | 1 | 4 | 0 |
| | bán | | | | | 6 | | |
| | Iomlán | 25 | 6 | 33 | 2 | 12 | 39 | 21 |

## Faisnéis fionnachtana WBIT

Is iad eolaithe leighis ba mhó a shainaithin WBITanna. D'aithin baill foirne cúraim sláinte eile WBITanna chomh maith, mar shampla, d'aithin póirtéir an earráid nuair a d'iarr sé ar othar a n-ainm agus a dháta breithe a dheimhniú agus ní raibh siad ag teacht leis an mbanda aitheantais othair, rud a chuireann béim ar thábhacht aitheantais dhearfaigh othair.



**Fíor 34: Baill foirne a d'aimsigh an earráid.**

Cuirtear riail dhá shampla i bhfeidhm i bhformhór na n-ospidéal in Éirinn chun fuilaistrithe neamh-chomhoiriúnacha ó WBITanna a chosc. Éilíonn sé seo dhá shampla a thógáil ón othar ag amanna ar leith agus go hidéalach ag beirt fhéithphollodóirí éagsúla sula n-eiseofar fuil de réir grúpa ar leith. Tuairiscíodh riail dhá shampla in 69 de na cásanna. Mar thoradh ar an riail dhá shampla, aithníodh an WBIT in 18 gcás.

Nuair a thángthas ar an tuairim gurbh í athoiliúint foirne an beart ceartaitheach agus coisctheach ba choitianta (n=47) i gcás WBIT, ghlac Oifigigh Haemafhaireachais eile le hathbhreithnithe aiseolais neamhfhoirmiúla (n=21) nó le hathbhreithnithe athmhachnamhacha (n=2). Cuireadh samplaí athuaire chuig an tsaotharlann in 27 cás.

## Teagmhais WBIT in Ospidéil Mháithreachais

Tháinig méadú ar líon na dtuairiscí WBIT a cuireadh faoi bhráid ONH ó bhardaí máithreachais/luí seoil (n=19, 24%). Bhain formhór na n-earráidí seo le cnáimhseacha (n=17), ach bhí dochtúirí i gceist chomh maith (n=4). Féach fíor x chun teacht ar líon na dtuairiscí a fuarthas gach bliain ó bhardaí luí seoil máithreachais ó 2019 – 2023. Ba earráidí lipéadaithe formhór na n-earráidí a tharla (n=12). I measc na n-earráidí eile bhí earráidí samplála (n=5) agus earráidí cléireachais tosaigh ar theacht chuig an ospidéal (n=2).  Bhí córas leictreonach ar fáil agus úsáideadh é i 17 gcás. Ní raibh aon toisc amháin ba chúis leis an méadú ar líon na dtuairiscí ó bhardaí máithreachais/luí seoil agus ar nós WBITanna eile, ba ghnách go raibh roinnt neamh-chomhréireachtaí ina gcúis leis an neasteagmhas. Bhí roinnt cásanna ann ina ndearnadh samplaí máthair agus leanbh (n=2) agus srincne agus máithreacha (n=4) a thrasuí.

**Fíor 35: Líon na dtuairiscí WBIT a fuarthas in 2023 inar tharla an chéad earráid ar an mbarda máithreachais/luí seoil.**



**Fíor 36: An cineál earráide a sainaithníodh in imeachtaí WBIT a tuairiscíodh in 2023.**




Fuair tuarascáil bhliantúil SHOT (2023) amach chomh maith go raibh ardriosca earráidí i rannóga máithreachais. Maidir le lipéadú samplaí d'fhuil srincne, molann SHOT 2023 go ndéanfaí lipéadú ar shamplaí sula mbaintear an phlacaint ó thaobh na máthar.

**Cás 9:**

**Thóg an dochtúir sa rannóg éigeandála sampla ón othar ceart. Cé gur úsáideadh PDA, lipéadaigh an dochtúir na samplaí agus rinne sé banda láimhe an othair a scanadh go cianda. Níl sé soiléir an ndearnadh an banda láimhe a scanadh ón gcairt mhícheart, nó an raibh an banda láimhe mícheart sa chairt cheart. Braitheadh an earráid sa tsaotharlann fuilaistrithe nuair nach raibh an sampla agus an t-iarratas ag teacht le chéile. Sampla deimhnitheach a bhí sa sampla seo, agus bhraithfí an earráid toisc go bhfuil an 'riail dhá shampla' i bhfeidhm san ospidéal. Caitheadh an sampla amach, agus tógadh sampla nua ón othar. Cuireadh athoiliúint ar an dochtúir sa nós imeachta ceart maidir le samplaí a thógáil.**

## Conclúid

Tá sé ríthábhachtach go gcuirtear aitheantas dearfach othair i gcrích ar mhaithe le sábháilteacht othar. Beag beann ar cibé an nglactar le haitheantas de láimh nó go leictreonach, tá sé ríthábhachtach go ndéantar i gceart é.  Laghdófar an baol earráide má bhíonn an t-othar páirteach sa phróiseas (nuair is infheidhme). Ba cheart go mbeadh bailiú agus lipéadú ina phróiseas leanúnach gan bhriseadh, má chuirtear isteach air ba cheart an próiseas a thosú an athuair.

Is léir ónár dtuarascáil go bhfuil tuilleadh cúraim ag teastáil chun a chinntiú go bhfuil na bandaí láimhe cearta á gcaitheamh ag othair agus nach gcuirtear lipéid ar shamplaí go cianda. Molann ONH go mbainfí bandaí láimhe de chairteacha othar chun scanadh cianda a sheachaint.

Tá Tuilleadh eolais ag teastáil chun na bacainní a stopann baill foirne ag leanúint nósanna imeachta samplála cearta a fháil amach. Bhí méadú soiléir ar an líon WBIT i mbardaí máithreachais/luí seoil; ní raibh ár sonraí in ann bunchúis an mhéadaithe seo a chinneadh. Bhí cásanna ann ina ndearnadh lipéid na samplacha don mháthair agus don leanbh nó don leanbh agus don tsrincne a thrasuí, ach ba chineálach na cúiseanna leis an méadú ar earráidí in ospidéil mháithreachais agus raon leathan neamh-chomhréireachtaí i gceist.

# Tagairtí

Bulle, E.B., Klanderman, R.B., Pendergrast, J., Cserti-Gazdewich, C., Callum, J. agus Vlaar, A.P., 2022. The recipe for TACO: A narrative review on the pathophysiology and potential mitigation strategies of transfusion-associated circulatory overload. *Blood Reviews*, 52, p.100891.

Dupont, G., 1997 . The dirty dozen errors in maintenance. 11ú siompóisiam ar Thosca Daonna i gCothabháil Eitlíochta.

Tuarascáil maidir leis an bhFiosrúchán ar Fhuil Ionfhabhtaithe (2024). Ar fáil ó: http://www.infectedbloodinquiry.org.uk/reports

Serious Hazards of Transfusion Medicine. Tuarascáil Bhliantúil SHOT 2023 [luaite 2 Lúnasa 2024]. Ar fáil ó: https://www.shotuk.org/wp-content/uploads/myimages/Annual-SHOT-Report-2023-V1.2.pdf

Swissmedic. Transfusion reactions with respiratory symptoms: TRALI / TACO/TAD. 2019 [luaite 2024 Iúil 07]. Ar fáil ó: https://www.swissmedic.ch/dam/swissmedic/it/dokumente/marktueberwachung/haemovigilance/respiratory_ae_smc.pdf.download.pdf/06_Respiratory_AE_SMC.pdf

Vlaar, A.P. agus Juffermans, N.P., 2013. Transfusion-related acute lung injury: a clinical review. *Lancet*, *382*, pp.984-94.

van Wonderen, S.F., Peters, A.L., Grey, S., Rajbhandary, S., de Jonge, L.L., Andrzejewski Jr, C., Narayan, S., Wiersum-Osselton, J.C. agus Vlaar, A.P., 2023. Standardized reporting of pulmonary transfusion complications: development of a model reporting form and flowchart. *Transfusion*, *63*(6), pp.1161-1171.

Wiersum-Osselton, J.C., Whitaker, B., Grey, S., Land, K., Perez, G., Rajbhandary, S., Andrzejewski Jr, C., Bolton-Maggs, P., Lucero, H., Renaudier, P. agus Robillard, P., 2019. Revised international surveillance case definition of transfusion-associated circulatory overload: a classification agreement validation study. *transfusion*, *2*, p.14.

# Aguisín 1

## Déan breithniú ar na tosca riosca TACO seo a leanas

**Stair an othair:**

- Bun-chomhghalrachtaí i.e. Cliseadh Cairdiach, Hipirtheannas, Diansteanóis Aortach nó mífheidhmiú méadailíneach measartha go dian
- An bhfuil an t-othar ar fhualbhrostaigh ar bhonn rialta?
- An bhfuil ainéime throm ar an othar?
- An eol go bhfuil Éidéime Scamhógach ar an othar?

**Sláinte reatha an othair:**

- Cothromaíocht dhearfach sreabháin
- Géarghortú duáin
- Brú Fola Ardaithe
- ProBNP ardaithe
- An bhfuil sreabháin infhéitheacha eile á bhfáil ag an othar?
- An bhfuil éidéime fhorimeallach i láthair?

**An bhfuil aon cheann de na fadhbanna sláinte thuasluaite ag an othar?**

NÍL → **Aon fhadhb sláinte eile a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le TACO?**

TÁ → **Déan athmhachnamh/cuir moill ar an bhfuilaistriú**

Aon fhadhb sláinte eile a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le TACO? — TÁ → **Déan athmhachnamh/cuir moill ar an bhfuilaistriú**

Aon fhadhb sláinte eile a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le TACO? — NÍL → **Fuilaistriú**

Déan athmhachnamh/cuir moill ar an bhfuilaistriú → **Tá an fuilaistriú riachtanach**

Tá an fuilaistriú riachtanach → **Bearta coisctheacha:**

- Déan meastóireacht ar fhualbhrostaigh réamh-fhuilaistrithe a úsáid
- Ráta fuilaistrithe níos moille
- Déan géarmhonatóireacht ar an othar
- Déan aonad amháin a fhuilaistriú agus déan athbhreithniú ansin

Bearta coisctheacha → **Fuilaistriú**

Fuilaistriú — MÁ TÁ AMHRAS ANN GO BHFUIL TACO I gCEIST →

**Cuir stop leis an bhfuilaistriú, faigh athbhreithniú leighis, déan cóireáil dá réir agus cuir an t-oifigeach haemafhaireachais ar an eolas**

↓

**Ní mór don Oifigeach Haemafhaireachais TACO a thuairisciú don Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais**